


Éire



An Roinn Dlí agus Cirt,
Gnóthaí Baile agus Imirce
Department of Justice,
Home Affairs and Migration



AN MÉID IS GÁ A BHEITH AR AN EOLAS AGAT FAOI EURODAC



GAELIC

➤ CÉN FÁTH A BHFUIL AN BRÓISIÚR SEO Á FHÁIL AGAM?

Tá an bróisiúr seo á fháil agat toisc nach mór do na húdaráis do shonraí bithmhéadracha a thógáil.



Ciallaíonn sonraí bithmhéadracha méarloirg agus do ghrianghraf.



Tarchuirfear na sonraí sin, mar aon le faisnéis faoi do chéannacht agus faisnéis ábhartha eile, chuig bunachar sonraí Eurodac.

Mínítear do chearta le linn an phróisis seo agus cad a bhfuiltear ag súil leis uait sa bhróisiúr seo.

➤ CAD IS EURODAC ANN?

Is bunachar sonraí Eorpach é Eurodac ina stóráiltear agus ina ndéantar comparáid idir faisnéis faoi chatagóirí áirithe daoine a thagann isteach i dtíortha AE+.

Mionsonraítear na catagóirí sin sa bhróisiúr seo.

Tá an bunachar sonraí seo in úsáid ag 31 tír AE+ ar féidir leo do shonraí a phróiseáil agus do chuid eolais a aisghabháil. Má thaistealaíonn tú chuig tír AE+ eile gan chead agus má thógtar do shonraí arís, is iad údaráis na tíre sin a fheicfidh do shonraí uile atá stóráilte in Eurodac. I gcásanna áirithe, nuashonrófar do shonraí le faisnéis nua.

➤ CAD IAD NA TÍORTHA AE+?

Tá tú anois in Éirinn ar tír AE+ í.

Is iad seo a leanas na tíortha AE+:



27 Ballstát den Aontas Eorpach (AE); an Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, an tSeicia, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, Poblacht na hÉireann, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn agus



ceithre tír eile: an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua, an Eilvéis.

➤ CAD É AIDHM EURODAC?

Tá cúig phríomhaidhm ag Eurodac:

- ✔ chun cuidiú le tíortha AE+ a chinneadh cén tír atá freagrach as iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú
- ✔ chun cuidiú le faireachán a dhéanamh ar imirce rialta agus neamhrialta chuig tíortha AE+
- ✔ chun faisnéis a roinnt idir na húdaráis náisiúnta agus an choireacht agus an sceimhlitheoireacht a chosc
- ✔ chun a áirithiú gur féidir leanaí atá ag teacht isteach san Eoraip a rianú agus a chosaint
- ✔ chun a áirithiú go n-oibríonn bunachair sonraí Eorpacha eile ina bhfuil faisnéis faoi ghnéithe amhail víosaí i gceart.



➤ CAD IAD NA SONRAÍ A STÓRÁILTEAR IN EURODAC?

In Eurodac tá sonraí maidir le daoine nach náisiúnaigh de thír AE+ iad agus a rinne an méid a leanas:

- ✔ iarratas ar chosaint idirnáisiúnta
- ✔ thrasnaigh teorainn tíre AE+ gan chead
- ✔ a ndearnadh iad a dhíbhordáil go tír AE+ tar éis iad a tharrtháil ar muir
- ✔ tá siad ag fanacht go neamhdhleathach i dtír AE+
- ✔ tháinig siad chuig tír AE+ trí chlár athlonnaithe nó trí chlár um ligean isteach ar fhoras daonnúil de chuid an Aontais nó trí chlár náisiúnta athlonnaithe
- ✔ ar deonaíodh cosaint shealadach dóibh.

➤ CÉ ATÁ IN ANN MO CHUID SONRAÍ A FHEICEÁIL?

Tógfaidh na húdaráis náisiúnta tearmainn i dtír AE+ do shonraí bithmhéadracha agus tarchuirfidh siad iad, mar aon le sonraí ábhartha eile, chuig Eurodac agus gheobhaidh siad toradh na comparáide.

Féadfaidh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí agus póilíní náisiúnta rochtain ar Eurodac a iarraidh chun coireanna tromchúiseacha agus sceimhlitheoireacht a chosc, a bhrath agus a imscrúdú. Féadfaidh siad do shonraí a chuardach in Eurodac.

❗ TÁBHACHTACH! Ní bheidh na húdaráis i do thír dhúchais in ann rochtain a fháil ar an bhfaisnéis sin.

➤ CAD A THARLÓIDH MÁ DHIÚLTAÍM MO MHÉARLOIRG A THABHAIRT?



Tá sé d'oibleagáid ort de réir an dlí do shonraí bithmhéadracha a chur ar fáil.

Tá cúiseanna tábhachtacha ann go bhfuil gá le do mhéarloirg. Má tá iarratas déanta agat ar thearmann, is céim riachtanach é sin sa nós imeachta.

Is féidir le sonraí méarlorg cuidiú freisin chun baill teaghlaigh atá i láthair i dtíortha AE+ a aimsiú.

Má dhéantar damáiste do bharra na méar, tógfar méarloirg arís amach anseo.

Má dhéanann tú damáiste do do mhéarloirg d'aon ghnó, beidh iarmhairtí diúltacha ann.

Mar shampla, má tá iarratas ar thearmann déanta agat, d'fhéadfadh sé go gcuirfí stop leis an nós imeachta.

Má chuirtear stop leis an nós imeachta i do chás, ciallaíonn sé sin nach meastar a thuilleadh gur iarratasóir thú (iarratasóir tearmainn). Caillfidh tú gach ceart a bhaineann leis an stádas sin, anois agus amach anseo.

Féadfaidh údaráis thíortha AE+ comhéigean a úsáid mar rogha dheireanach chun do shonraí bithmhéadracha a fháil. Féadfaidh siad tú a choinneáil freisin, mar rogha dheiridh, chun do chéannacht a chinneadh nó a fhíorú.

Má dhiúltaíonn tú do shonraí méarlorg a chur ar fáil do na húdaráis sa tír sin, beidh iarmhairtí sonracha ann.

Is foras é diúltú do shonraí méarloirg a sholáthar do na húdaráis sa tír seo a thugann deis don Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta d'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a tharraingt siar go hintíreach.

CAD IAD NA CEARTA ATÁ AGAM MAIDIR LE MO SHONRAÍ EURODAC?

Tá údarás ag gach tír AE+ a rialaíonn úsáid sonraí. Tá sé de cheart agat dul i dteagmháil leis an rialaitheoir sonraí agus leis an oifigeach cosanta sonraí agus rochtain ar do shonraí atá stóráilte in Eurodac a iarraidh.

Is féidir leat a iarraidh go gceartófaí do chuid faisnéise má bhraitheann tú go bhfuil sé:

- míchruinn agus is gá é a cheartú
- neamhiomlán agus is gá é a thabhairt cothrom le dáta

Is féidir leat a iarraidh go scriosfar do chuid faisnéise má bhraitheann tú go bhfuil sí

- iontráilte in Eurodac go neamhdhleathach.

Tá sonraí teagmhála an rialaitheora sonraí agus an oifigeach cosanta sonraí le fáil ar an leathanach deiridh den bhróisiúr seo, dar teideal **‘faisnéis úsáideach eile’**.

Más mian leat gearán foirmiúil a dhéanamh faoi láimhseáil do shonraí, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an údarás maoirseachta náisiúnta.

Tá sonraí teagmhála an údaráis mhaoirseachta náisiúnta le fáil ar an leathanach deiridh den bhróisiúr seo.

FAISNÉIS ÚSÁIDEACH EILE

FAISNÉIS MAIDIR LE SONRAÍ TEAGMHÁLA OIFIG AN RIALAITHEORA SONRAÍ

Anseo thíos tá faisnéis faoi conas teagmháil a dhéanamh le hoifig an rialaitheora sonraí agus an oifigigh cosanta sonraí sa tír seo.

Is féidir leis an rialaitheoir sonraí tú a chur ar an eolas faoi cé acu de do shonraí pearsanta atá stóráilte in Eurodac. Mura bhfuil do shonraí pearsanta stóráilte go cruinn, is féidir leat a iarraidh go gceartófaí na sonraí sin.

Má bhraitheann tú gur láimhseáladh do chuid faisnéise go neamhdhleathach, is féidir leat a iarraidh go scriosfar an fhaisnéis sin trí na sonraí teagmhála thíos a úsáid.

Is iad sonraí teagmhála an rialaitheora sonraí: An Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta, Seachadadh Seirbhísí Inimirce, 79-83 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, D02 ND99 nó info@ipo.gov.ie

FAISNÉIS MAIDIR LE CEARTA AN DUINE IS ÁBHAR DE NA SONRAÍ

Sa tír seo, tá na cearta sonracha seo a leanas agat maidir le húsáid do shonraí Is féidir sonraí maidir le do chearta cosanta sonraí a fháil i mBeartas Cosanta Sonraí na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce atá ar fáil ag

<https://assets.gov.ie/static/documents/departement-of-justice-data-protection-policy.pdf>

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí don Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce trí ríomhphost ag:

dataprotectioncompliance@justice.ie

pearsanta.

FAISNÉIS MAIDIR LE SONRAÍ TEAGMHÁLA NA nÚDARÁS MAOIRSEACHTA Náisiúnta

Is féidir leat an fhaisnéis thíos a úsáid chun teagmháil a dhéanamh leis an údarás maoirseachta náisiúnta sa tír sin.

Is féidir leat gearán foirmiúil a dhéanamh leis an údarás maoirseachta náisiúnta má mheasann tú gur láimhseáladh aon cheann de do shonraí pearsanta go nSeo a leanas sonraí teagmhála an Choimisiúin um Chosaint Sonraí: 6 Sráid Phembroke, Baile Átha Cliath 2, D02 X963 nó is féidir teagmháil a dhéanamh leo ar líne ag

<https://forms.dataprotection.ie>



An Roinn Dlí agus Cirt,
Gnóthaí Baile agus Imirce
Department of Justice,
Home Affairs and Migration

Is chun críocha faisnéise amháin atá an bróisiúr seo. Ní chruthaíonn sé cearta ná oibleagáidí ann féin. Is í Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) a chuir an príomhábhar seo ar fáil, agus ní údaraíonn EUAA atáirgeadh agus athrú ar an mbróisiúr seo ach do Bhallstáit den Aontas amháin. Ní ghlacann EUAA le haon fhreagracht ná dliteanas as cruinneas, ábhar, iomláine, dlíthiúlacht ná iontaofacht na faisnéise atá curtha san áireamh sa bhróisiúr seo ag Ballstáit den Aontas nó ag aon tríú páirtí freagrach eile. Níl EUAA ná aon duine atá ag gníomhú thar a ceann freagrach as an úsáid a fhéadfadh a bhaint as an bhfaisnéis atá le fáil sa bhróisiúr seo.